| Meitheal Forbartha Stair na hArdteistiméireachta | Cruinniú a dó: 24.10.2024 |
| --- | --- |
| **Fáilte, miontuairiscí agus nithe ag éirí astu** | Gabhadh leithscéalta agus glacadh le miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh. |
| **An Nuacht is Déanaí** | Tugadh forbhreathnú ar an aiseolas ó scoileanna ar lorgaíodh comhairle uathu d'fhorbairt na Cáipéise Eolais. Tugadh achoimre ar aiseolas ó mhúinteoirí, ceannairí scoile agus lucht bainistíochta. Leis seo, cuimsíodh plé ar na dúshláin a bhaineann leis an ábhar agus na deiseanna a sainaithníodh san athfhorbairt. Tugadh léargas don mheitheal forbartha ar an gcuraclam, struchtúir agus socruithe measúnaithe i réimse dlínsí mar bhonn dá bplé. |
| **Aidhmeanna agus Réasúnaíocht** | Roinneadh an mheitheal i ngrúpaí oibre le machnamh agus forbairt a dhéanamh ar fhoclaíocht na Réasúnaíochta agus na nAidhmeanna do shonraíocht athfhorbartha Stair na hArdteistiméireachta. Thug gach grúpa aiseolas as a ndéanfar forbairt ar an bhfoclaíocht don chéad chruinniú eile. |
| **Na Chéad Chéimeanna Eile** | An chéad chruinniú eile: 13 Nollaig i mBaile Átha Cliath. |